

❖ An Lúibín ❖

18 Meitheamh 2014

Feasta

Bunaíodh *Feasta* sa bhliain 1948. Tá sé ar na hirísí Gaeilge a thug deis do chuid de na scríbhneoirí Gaeilge is fearr a saothar a chur i láthair an phobail, agus fógraíonn sé a chuid cuspóirí mar a leanas:

Maireann Feasta chun an saol a phlé trí mheán na Gaeilge - litríocht, eolaíocht, polaitíocht. Is mó aidhm atá againn: an ghearrscéalaíocht a chothú; ardán a chur ar fáil d'fhilí na Gaeilge; scríbhneoirí óga a aimsiú agus a meanma a chothú; scoláirí dara leibhéal agus mic léinn tríú leibhéal a thabhairt i dtreo na scríbhneoireachta Gaeilge...

Ar nós a leithéidí eile, bhí *Feasta* ag fáil deontais trí Fhoras na Gaeilge, socrú a gcuirfear deireadh leis ar 30 Meitheamh 2014 agus fonn ar an bhForas tacú le hiris nua a bhainfeadh tairbhe as áiseanna na haoise digití. Ní mór an t-áthas a chuir an scéala seo ar eagarthóir *Feasta*, Pádraig Mac Fhearghusa, agus tá a thuairim le léamh ar leathanach 27 d'eagrán an Mheithimh 2014.

Níl brabús le déanamh ar litríocht, filíocht ná gearrscéalaíocht a chur i gcló ach ar ócáid annamh. Dá - ainneoin sin, gnó riachtanach is ea cothú na litríochta in aon sibhialtacht gur fiú sibhialtacht a thabhairt uirthi.

Ní mó ná sásta atá sé le 'béarlagair' an Fhorais: 'reading is migrating on line', 'scheme for a lifestyle magazine-type on-line publication' agus eile. Deir sé go mbíonn idir 8,000 agus 10,000 focal den ábhar as *Feasta* ar fáil ag www.feasta.ie go rialta cheana féin.

Is amhlaidh nach dtaitníonn 'fís' an Fhorais linne: an saol a iompó ina 'ghearróg' ar líne, a cheapfá. Is buille trom é ar léamh agus scríobh agus cothú na Gaeilge agus na litríochta Gaeilge. Ní féidir nach eol d'aon duine tuisceanach é sin. Focal a thaitníonn leis an bhForas is ea 'comhthéacs'. Sea, seo comhthéacs: má chuirtear deireadh le scata beag irisí i dteanga a labhraíonn billiún daoine, ní faic é. Má chuirtear deireadh le scata beag irisí i dteanga teanntaithe, faoi bhrú leanúnach, mar atá an Ghaeilge, is tubaiste é.

Éagsúlacht seachas aonghnéitheacht atá uainn, a deir Pádraig. Níl leithéidí an Fhorais ag cur iachall ar irisí Béarla a gcuid ábhair go léir a chur ar líne (cé go bhfuil cuid mhaith de *Feasta* le fáil ann cheana).

Saoirse na héagsúlachta atá ó phobal na Gaeilge chomh maith, agus óna scríbhneoirí cruthaitheacha. Is cóir a bheith i dtaithí ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí, gan dabht: agus b'fhiú don bhForas luí isteach go rábach ar chumas phobal na teanga sa teicneolaíocht sin a éascú, seachas a bheith ag cur isteach ar an bpobal céanna lena gcuid físeanna easnamhacha don léitheoireacht. Ní hionann blúiríní ar líne agus leabhar nó alt téagartha ar iris chlóite a léamh!

Tá *Feasta* ag iarraidh síntiús, agus ba mhór an cúnamh céad síntiúsóir breise a chuirfeadh táille bliana €75 chun Bainisteoir *Feasta*, Donnchadh Ó hAodha, Cúil Aodha, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí.

Féach www.feasta.ie.



An Ghaeilge agus an dlí

Tá Chúirt Uachtarach na hÉireann tar éis ordú don Stát costas cainteora dúchais a íoc tar éis gur theip air giúiré dátheangach a fháil ó Ghaeltacht Chonamara theas agus é cúisithe as ionsaí. As Rosmuc don Pheadar Ó Maicín, an duine ata i gceist, agus dúirt na cúig bhreitheamh go raibh ceisteanna móra Bunreachtúla i dtreis maidir le cearta teanga a chur i gcomórtas le dualgas an Stáit daoine a thriail as coireanna os comhair giúiré.

Tá claonadh ag na cúirteanna anois chun cásanna a éisteacht i nGaeilge más féidir, rud a bhfuil baint aige, b'fhéidir, le borradh phobal na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ba ghnách leis na cúirteanna áitiúla i gConamara féin Gaeilge a úsáid ó bhunú an tSaorstáit (cé go dtabharfadh na páipéir tuairisc ar na cásanna i mBéarla). Má éiríonn leis an teanga greim éigin a fháil ar ghnáthfheidhmiú an dlí ar fud na tíre is fiú cuimhneamh ar chás an Mhaicínigh.

Féach

<http://www.irishtimes.com/news/crime-and-law/courts/state-ordered-to-pay-costs-of-man-s-action-over-bilingual-jury-1.1812967> Thu, May 29, 2014



Scéimeanna teanga

Tá ag teip ar chóras na scéimeanna teanga atá ann chun seirbhísí a sholáthar don phobal. Chuaigh dhá cheann is seachtó as ocht gcinn is nócha as feidhm i rith na bliana 2013. Tá Conradh na Gaeilge míshásta (ar ndóigh), cé go bhfuil said an-sásta leis an monatóireacht a rinne oifig an Choimisinéara Teanga chun cearta cainteoirí Gaeilge a chosaint. (Rinne said tagairt ar leith don iarracht a thug an Roinn Oideachais agus Scileanna múinteoirí nach raibh Gaeilge ar a gcomhairle acu a aistriú go dtí scoil sa Ghaeltacht – sampla maith den útamáil.) Is measa na húdaráis áitiúla ná aon dream eile; tá 94% dá gcuid scéimeanna dulta as feidhm.

B'fhéarr leis an gConradh córas nua a bheadh bunaithe ar rialacháin reachtúla, ach is léir nach bhfuil an t-éileamh ann. Is scáinte an dream na Gaeilgeoirí, agus ní fiú le forais ná le húdaráis freastal orthu. Theip ar neartú na Gaeilge mar thionscadal stáit, go háirithe sna scoileanna, agus seo cuid den toradh atá ar an teip sin.

Féach

'Irish groups concerned by failing schemes,' Pól Ó Muirí, *Irish Times*, 17 Aibreán 2014:
<http://www.irishtimes.com/culture/tribh/irish-groups-concerned-by-failing-schemes-1.1765106>



An Bhreatnais sa tSeapáin

Tamall de bhlianta ó shin d'fhoilsigh Yoshifuma Nagata, léachtóir i dTóiceo, agus Takeshi Koike, cainteoir líofa Breatnaise, leabhar féinteagaisc d'fhoghlaimoírí Breatnaise sa tSeapáin. Cuireadh 30,000 cóip i gcló (cé nach bhfuil a fhios againn cá mhéad acu a díoladh). Is éard a spreag Koike chun tabhairt faoin mBreatnais an tsuim a bhí aige i bhfilíocht R.S. Thomas, file Béarla de chuid na Breataine Bige. Thapaigh sé an deis chun an teanga a fhoghlaim agus é ina mhac léinn malairte in Ollscoil na Breataine sna blianta 1992-3, agus bhí sé míshásta toisc nach raibh téacsleabhar Breatnaise ar fáil i Seapáinis. Dúirt sé leis an BBC go raibh suim ag a lán Seapánach sa Bhreatain Bheag.

I dtús na n-ochtóidí chuir roinnt Breatnach Cymdeithas Dewi Sant Siapan ar bun sa tSeapáin agus cumha orthu i ndiaidh a dtíre dúchais. Bheadh timpeall caoga duine ag baint leis faoi láthair. Is mór an aird atá acu ar an rugar, ar ndóigh, ach tá grúpa teanga acu freisin agus Breatnais á múineadh acu.

Is í Yuko Nakauchi an t-aon chainteoir Breatnaise sna meáin Sheapánacha. Chonaic sí bileog faoin mBreatnais agus í sa tSeapáin agus rinne sí dianchúrsa ocht seachtaine sa Bhreatain Bheag. Ansin rinne sí comhchúrsa i mBreatnais agus i Staidéar Scannánaíochta agus Teilifíse tríd an mBreatnais féin in Ollscoil Aberystwyth agus

bhain céim amach sa bhliain 2002. Bíonn sí ag obair anois sa tSeapáin mar sheifteoir agus mar ateangaire do S4C (ar cosúil le TG4 é) agus do BBC Wales.



Gaeltacht agus ‘Gaeltacht’

Athrú i gcónaí agus an seanscéal ann go fóill – sin staid na Gaeilge acu in Éirinn. Deir an daonáireamh go bhfuil os cionn 187,800 duine sa Phoblacht a labhraíonn Gaeilge gach lá nó gach seachtain: gréasán teanga a bhfuil an chuid is mó acu ina gcónaí sna cathracha, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Mar chomparáid, tá timpeall 119,500 cainteoirí Polainnise sa tír. Gheobhaidh an Pholainnis bás in Éirinn gan bhreis inimirce ach is léir anois go mbláthóidh an Ghaeilge de réir a chéile uaithi féin. Is dócha, i ndáiríre, go bhfuil suas le 300,000 duine in Éirinn a bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu agus sin gan na mílte Gaeilgeoir eile thar lear a chur san áireamh.

Tá an Ghaeltacht féin i mbéal a báis agus gan suim ag an dream óg sa teanga, cé go bhfuil eisceachtaí ann. Orthu sin tá Muireann Ní Chuímh, bean óg as Indreabhán a bhfuil agallamh léi le fáil in eagrán na míosa seo de *Beo* agus a raibh a muintir páirteach riamh i ngnóthaí na Gaeilge, rud a dhéanfadh difríocht. Ach tá a fhios aici go bhfuil cuma nua ag teacht ar an teanga.

Plus ça change – bíonn an t-aos ‘léannta’ i gcónaí ag tabhairt amach faoin dream óg atá ag simpliú na teangan agus ag déanamh neamhaird de rialacha casta gramadaí! Ar ndóigh, tá contúirt faoi leith ag baint le simpliú - nó truailliú - na Gaeilge sa lá atá inniu ann mar gur mar gheall ar thionchar mór an Bhéarla atá sé ag tarlú seachas mar gheall ar fhorbairt nádúrtha na teanga. Féadfaidh teanga ar bith focla iasachta nua a ionsú gan fadhb ar bith, ach nuair atá comhréir agus nathanna cainte ag athrú mar gheall ar theanga eile, cruthaítear fadhbanna móra.¹

Lasmuigh den Ghaeltacht úd atá ag imeacht agus den Ghaeltacht uirbeach atá ag dul i neart tá Éire eile nach bhfuil in ann ag an nGaeilge. Seo seanscéal i gceart, agus cuireadh in iúl arís é in alt san *Irish Times* le déanaí (“The way Irish is taught makes learning it a misery”²).

Either we need a completely different approach at primary level, one that involves chat and play and interaction, in short, immersion, or we should scrap it altogether and just offer it as a language elective at second level alongside French and other languages. We cannot persist with this laborious, fruitless exercise in rote learning that leads children like my son to associate our native tongue with feelings of frustration, pressure and inadequacy.

Fuair an t-alt seo freagra.

Yet another article about how, if only the teaching methodology were changed, we’d all be happy speaking Irish. I’ve been reading such stuff since the sixties and it never goes anywhere for the simple reason that it doesn’t matter what is done in the schools, we as a nation, despite our pious platitudes to the contrary, simply have no wish to speak Irish.

Níl an ceart ag mo dhuine, ar ndóigh. Dá múnfí an Gaeilge ar bhealach spreagúil bríomhar d’fhágfadh sin a rian ar dhearcadh na ndaoine, cé go gcloífeadh a bhformhór leis an mBéarla fós. Ach ar an bhfianaise atá le fáil againn faoi láthair rachaidh an Ghaeilge Éigeantach i laige agus i léig de bharr neamhshuim an Stáit, rud a fhágfaidh na scoileanna lán-Ghaeilge i mbuaic a réime. Creideann an Stát gurb é rogha na mbeart an beart mall.



¹ ‘Muireann Ní Chuív, Aistritheoir,’ *Beo*, Eagrán 158, Meitheamh 2014: <http://www.beo.ie/alt-muireann-ni-chuiv-aistritheoir.aspx>

² ‘The way Irish is taught makes learning it a misery,’ *Irish Times*, 6 Meitheamh 2014: <http://www.irishtimes.com/news/education/to-be-honest-a-parent-writes-the-way-irish-is-taught-makes-learning-it-a-misery-1.1781556>

Cúpla abairt áisiúil

Gura leat is treise (*may you win the day*).

Is air is treise mé (*I am nearly sure of it*).



I bhFlóndras



Sebastian Vrancx: Radharc Geimhridh i bhFlóndras 1622 – trí bliana déag i ndiaidh theitheadh na nIarlaí
Wikipedia Commons

Is beag dialann a tháinig anuas chugainn i nGaeilge, agus tá ceann Thaidhg Óig Uí Chianáin ar an gceann is luaithe. Sa 16ú haois a rugadh Ó Cianáin agus baint aige le muintir léannta. Thaobhaigh sé le hAodh Rua Ó Néill agus d'ímigh leis go dtí an Róimh sa bhliain 1607. B'fhada an turas é agus bhí Tadhg ag breacadh cuntas air an t-am ar fad i nGaeilge ghlan oilte a bhfuil blas na gnáthchainte uirthi. Dealraíonn sé gur cailleadh é sa Róimh sa bhliain 1614.

Tosaíonn na sleachta a leanas ar 18 Feabhra 1608 agus na hÉireannaigh ag gabháil trí Fhlóndras, a bhí faoi smacht na Spáinneach ag an am. Tá leagan i nGaeilge an lae inniu le fáil faoin mbunleagan (atá i gcló iodálach).

Féach eagrán den dialann ag CELT: <http://www.ucc.ie/celt/published/G100070/index.html>.



Ro buí immorro sneachta adpal-mór agus oighreadh frissin ré sin ann as go nimtheóchdiss eachradh agus cóistidhe agus uaigínide uile locha, aibhne agus ruibéir in tíre. Do grásoip Dé ro roichedh la hordaibh riagalta na heguilsí a gcúrsa aiffrenn, tráth agus senmór agus ernaigthe do dénomh isna heguilsíp. Aroile athair Éirennach d'ord Sanct Proinséiss, Diermaid Ó Conchubair, ó Chiennacht Ghlinne geimin, ro inniss a ffiadhnuissi Uí Néill gur fhulaing an urdail sin d'fuacht in comhfhad buí ag celibhradh in aiffrinn móir issin mainistir gur shilset páirt dia mhéoraibh frassa fola....

Bhí sneachta ábhalmhór³ agus oighear ar feadh na ré sin [timpeall Lováin] i dtreo is go n-imeodh eachra agus cóistí agus vaigíní ar locha, aibhneacha agus ruibhéir⁴ go léir na tíre. De ghrásta Dé d'éirigh le hOrdaibh Rialta na hEaglaise a gcúrsa aifreann, tráthanna agus seanmóirí agus urnaithe a dhéanamh sna heaglaisí. Athair áirithe Éireannach d'ord San Proinsias, Diarmaid Ó Conchubhair, ó Chiannacht Ghlinne Geimhin,⁵ d'inis sé i bhfianaise Uí Néill gur fhulaing sé an oiread sin

³ Ollmhór.

⁴ 'ruibhéir' – *rivers* an Bhéarla.

⁵ I gContae Dhoire.

fuachta fad is a bhí sé ag ceiliúradh an Aifrinn mhóir sa mhainistir gur shil páirt dá mhéara frasa fola.

erer

Baoi leac oigrídh adpal ar ruibér Anuerp. Ba gnáth re lucht na cathrach dol gacha laithe do chaithemh aimsire agus d'finnfhuaradh a n-aigenta ar in leic. Laithe n-áon dia ndeachatar go línmhar dronga aca ag caithemh bídh agus dighe, ag reapradh agus ag raingce, teighiss in leac ó aidhbhle agus ó línmhaire na ndaoine agus ro-ss-léic béiceadh adpol-mhór ós áird. La sodhain tra tic gné imdheghla agus idirdealoighthe eidir sí agus in tír. Mar fuair in ruibér ro-láidir an comhthuitim sin san leic, agus í ar scaradh frissin tír, gluaississ leiss í co n-a roibhe ag marcaighecht uirre. An lucht ro buí ag fastaeim, ag áiness agus ag aoipness roimhe sin, ní mór nár uo toltanaighe leó beith astigh go comhnaigtheach a gcert-mhedhón na cathrach ináss beith ar in seoltóracht sin, bídh nach beittiss a n-aighthe ar in sen-fhairrgi ar a gcomhghar. Eighit agus gáirit. La sodain in lucht bátar ar tír, cuirít méid ar in leic. Cuirít ainnséin a mbátoib íad do chéidhe áirighthe do chórdóibh cnáipe agus do refedhoibh agus do pícidhip chuca. Ba toil la Dia go rángatar anacal agus tairrtheachtain acht cóic persana amháin....

Bhí leac oighir ábhal ar abhainn Antuairp. Ba ghnách le lucht na cathrach dul gach lá ag caitheamh aimsire agus á bhfionnuaradh féin ar an leac. Lá dá ndeachaigh drong acu go líonmhar ag caitheamh bia agus dí, ag reabhradh agus ag rince, théigh an leac ó áibhle⁶ agus ó líonmhaire na ndaoine agus lig béiceadh ábhalmhór os ard. Ansin tháinig imdheaghladh⁷ agus idirdhealú idir í agus an tír. Mar fuair an abhainn róláidir an comhthititim sin sa leac,⁸ agus í ar scaradh leis an tír, ghluais sé leis í lena raibh ag marcaíocht uirthi. An lucht a bhí ag fastáim, ag áineas agus ag aoibhneas roimhe sin, ní mór nár thoilteanaí a bheith istigh go cónaithach i gceartmheán na cathrach ná a bheith ar an seoltóireacht sin, bíodh nach mbeadh a n-aighthe ar an seanfharraige ar a gcóngar.⁹ D'éigh siad agus gháir siad. An lucht a bhí ar tír, chuir siad méid áirithe de chórdáí cnáibe agus de théada agus de phící chucu. Ba thoil le Dia gur ráinigh¹⁰ anacal¹¹ agus tarrtháil ach cúig pearsana amháin.

erer

Ar n-a mhárach dóib go Hanuerp. Ar in sligidh rompa gabait tar ruibér ro-mór tic ó Gant. Leac oigrídh adbal-mhór ar in ruipér. Beirit a n-eachroidh ar ardadhnoibh leó go methón in tsrotha oighridh, 'n-a mhac samhla a ttír don taobh araill. Rángator fort atá as urchomhair chathrach Anuerp, Cenn Flonndruiss a chomhainm. Fágaiuset ann a n-eachroidh. Dodeachator badéin a mbáttoibh gusin gcathraigh. Ier ngabáil tighi ósta éirgit d'fhaixin chaisléin Anueirp. Mesait agus brethnaigit cách go ffuil in caislén sin i n-a méide féin ar oibreachóip

⁶ Méid mhór.

⁷ Scoilt.

⁸ i.e. nuair a rug an abhainn ar an leac bhriste.

⁹ Ba bheag nár bh fhearr leo fanacht sa bhaile ná a bheith ag imeacht le sruth, cé nach mbeadh an radharc breá sin acu ar an bhfarraige!

¹⁰ Shroich.

¹¹ Cosaint.

lán-daingne na crístaigeachta. An ruibér ar n-a chomhtharraing i n-a móir-thimchioll. Mile Spáinneach go sírraidhe d'oidche agus do ló ag a bhárdacht go ro-imat canón riaghalta agus ordanáiss móir gusin uile chomghar agus riachtanas ricit a les. Eaglais roi-dess aca astigh. Dá gunna móra práiss 's íat ar n-a suidiugadh go ártt, sé troigthe dég ar fichit in gach gunna. Ní mór nach gcuirit trí léige d'athchor a pelér, mar aithrisit in úarda. Ní léicit nasión ar bith oile d'fhéchain nó do brethnugadh na hoibre acht Spáinneach nó Éirennach amháin.

Arna mhárach dóibh [19 Feabhra 1608] go dtí Antuairp. Ar an slí rompu ghabh siad thar abhainn rómhór a thagann ó Ghent. Leac oighir ábhalmhór ar an abhainn. Rug siad a n-eachra ar araíonacha leo go dtí lár an tsrutha ar an leac. Chuir siad ansin i mbáid iad de ché oighir, agus tháinig i dtír ina mhacasamail de ché ar an taobh eile. Ráinigh siad dúnfort atá os chomhair chathair Antuairp, Ceann Fhlóndras a hainm. D'fhág siad ann a n-eachra. Chuaigh siad féin i mbáid go dtí an chathair. Tar éis dóibh teach ósta a ghabhail chuaigh siad ag féachaint ar chaisleán Antuairp. Measann agus breithníonn cách go bhfuil an caisleán ina mhéid féin ar oibreacha lán-daingne na Críostaíochta. An abhainn arna chomhtharraingt ina mórthimpeall. Mile Spáinneach go síorraí d'oidche agus de lá ag a bhárdacht le hiomad canónacha rialta agus ordanáis mhóir le gach cóngar agus riachtanas a rigeann a leas.¹² Eaglais ródheas acu istigh. Dhá ggunna mhóra práis agus iad suite go hard, sé troithe déag ar fhichid i ngach gunna. Ní mór nach gcuireann siad trí léige d'athchur a bpiléar, mar deir an garda. Ní ligeann siad do náisiún ar bith eile an obair a fhéachaint ná a bhreathnú ach do Spáinnigh nó d'Éireannaigh amháin.

erer

Céimnit ier sin timchuart bhallaidhi in baile. Ge nach sét samhla tra re daingne in chaisleán in balla, ar aóí sin atá a gcosmhales, óir atáit cóic troighthe fichet a ttighi a mhúir agus a thairimtheachta gan an caislén ochta do chomhairem go ro-imat do sconsaigip is lór lán-daingne 'sa domhan, iad féin ag coimhétt dia chéile. Díog móir-lethan timchell in balla. O aidple na leice oigrídh ní fhettamar a doimhne. Ge tharla gur fhóbair go tteigémadh sgiúrsadh urchóidech do lucht na cathrach ar in leic oigrídh go gar roimhe sin, amhoil atá i n-ar ndíaigh, bátor tra timchiol fiche míle persa in tan sin ag reabradh ag raingce a n-éinfheacht uirre. Go haimsir esparta do na maithip si ag déaxain na cathrach. As a haithle tiaghait dia lóistínibh.

Céimníonn siad ina dhiaidh sin timpeall bhallaí an bhaile. Cé nach bhfuil an balla inchurtha leis an gcaisleán i dtaca le daingne, tá sé ag teacht leis, óir tá cúig troithe fichead i dtiús a mhúir agus a thairimtheachta gan an caisleán uchta¹³ a chomhaireamh le hiomad de sconsaí¹⁴ is leor lán-daingne¹⁵ sa domhan, iad féin ag cóimhéid dá chéile. Díog mhórleathan timpeall an bhalla. Ó áibhle na leice oighir ní raibh a fhios againn cén doimhne a bhí ann. Cé tharla gur dhóbair go

¹² A rigeann a leas – a bhfuil gá leo.

¹³ *Breastworks* an Bhéarla.

¹⁴ Sconsaí = crémhótaí nó *earthworks*.

¹⁵ Chomh daingean le haon cheann eile.

ndeachaigh sciúrsadh¹⁶ urchóideach do lucht na cathrach go gar roimhe sin, amhail atá inár ndiaidh,¹⁷ bhí timpeall fiche míle pearsa an uair sin ag reabhradh agus ag rince in éineacht uirthi. Go haimsir easparta do na maithe seo ag féachaint na cathrach. Ina dhiaidh sin tháinig siad chun a lóistíní.



Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Leaganacha simplithe

Gaeltacht agus ‘Gaeltacht’

Deir an daonáireamh is déanaí in Éirinn go bhfuil os cionn 187,800 duine sa Phoblacht a labhraíonn Gaeilge gach lá nó gach seachtain. Tá formhór na gcainteoirí sin ina gcónaí sna cathracha. Is dócha, i ndáiríre, go bhfuil suas le 300,000 duine in Éirinn a bhfuil Gaeilge réasúnta maith acu. Tá na mílte Gaeilgeoir eile ina gcónaí thar lear.

Níl suim mhór ag daoine óga na Gaeltachta sa teanga, ach tá eisceachtaí ann. Orthu sin tá Muireann Ní Chuímh, bean óg ar cuireadh agallamh uirthi san iris *Beo*. Bhí a muintir páirteach riamh i ngnóthaí pobail agus i ngnóthaí na Gaeilge. Admhaíonn sí go bhfuil an teanga ag athrú. Tionchar mór an Bhéarla is cúis leis seo seachas forbairt nádúrtha na teanga. Deir sí, nuair atá comhréir agus nathanna cainte ag athrú mar gheall ar theanga eile, go gcruthaítear fadhbanna móra.

Tá dream mór eile ann nach bhfuil Gaeilge acu agus nach bhfuil sásta le múineadh na teanga sna scoileanna. In alt san *Irish Times* dúradh gur mór an crá í an Ghaeilge sna bunscoileanna. Ba cheart ábhar sultmhar a dhéanamh den teanga. Murach sin, ba cheart ábhar roghnach a dhéanamh di. Dúirt duine eile nach ndéanfadh sé sin difriocht ar bith, mar nach bhfuil fonn ar na hÉireannaigh an teanga a fhoghlaim.

Mar sin féin, dá muintí an Gaeilge ar bhealach spreagúil bríomhar d’fhágfadh sin a rian ar dhearcadh na ndaoine. Faoi láthair, áfach, dealraíonn sé nach déanfar é sin. Creideann an Stát gurb é rogha na mbeart an beart mall.

I bhFlóndras

¹⁶ ‘sciúrsadh’ – tubaiste.

¹⁷ Mar atá scríofa thuas.

Is beag dialann a tháinig anuas chugainn i nGaeilge, agus tá ceann Thaidhg Óig Uí Chianáin ar an gceann is luaithe. Sa 16ú haois a rugadh Ó Cianáin. Chuaigh sé thar le hAodh Rua Ó Néill sa bhliain 1607, agus scríobh sé cuntas ar an turas. Chuaigh siad trí Fhlóndras, a bhí faoi smacht na Spáinneach ag an am.

I mí na Feabhra deir sé go raibh sneachta mór agus oighear ann: b'fhéidir le capaill, cóistí agus vaigíní dul trasna na loch agus na n-aibhneacha. D'ainneoin an fhuachta, d'éirigh leis an gcléir Aifreann agus paidreacha a rá sna heaglaisí, ach dúirt sagart Éireannach gur fhulaing sé an oiread sin fuachta nuair a bhí sé ag rá Aifrinn gur shíl a mhéara fuil.

Bhí leac oighir ar abhainn Antuairp. Ba ghnách le lucht na cathrach dul gach lá ag caitheamh aimsire ar an leac. Lá éigin, a deir Ó Cianáin, bhí an oiread sin daoine ar an leac gur scoilt sé le torann mór. Scar an t-oighear leis an tír agus ghluais sé leis na daoine. Bhí siad ag scairteadh. Chaith na daoine a bhí ar an mbruach téada chucu agus shín píicí chucu. Sábháladh gach duine ach cúigear amháin.

Ar 19 Feabhra 1608 chuaigh siad go dtí Antuairp. Bhí an abhainn rompu agus leac oighir air. Thug siad na capaill thar an oighear leo go dtí lár na habhann, mar a raibh cé oighir, agus chuaigh siad as sin go dtí an bruach thall. Shroich siad dúnfort agus d'fhág siad na capaill ann. Ansin chuaigh siad i mbáid go dtí an chathair agus fuair lóistín. Chuaigh siad ag féachaint ar an gcaisleán, áit mhór a raibh míle Spáinneach á gardáil agus a lán gunnaí móra ann. Bhí eaglais dheas acu istigh. Ní ligfeadh siad d'aon daoine an caisleán a scrúdú ach do Spáinnigh nó d'Éireannaigh amháin.

Shiúil siad timpeall bhalla an bhaile. Bhí an balla ard agus tiubh, le caisleáin uchta agus sconsaí. Bhí díog leathan timpeall an bhalla, ach bhí an t-oighear chomh tiubh sin nárbh fhéidir leo an doimhne a mheas. D'ainneoin na timpiste do na daoine ar an oighear tamall roimhe sin, bhí siad ann arís agus iad ag rince. Lean na huaisle Éireannacha orthu ag scrúdú na cathrach go dtí an tráthnóna. Bhí turas rompu fós go dtí an Róimh, mar a bhfuair Ó Cianáin bás sa bhliain 1614.